

## Ábhar

## Bradaíl Liteartha

### Téacsanna Léitheoireachta

Sliocht as an leabhar *Ar an Taifead, fíis, fuaim, focal* le Breandán Delap

(Le caoinchead ón údar agus ó na foilsitheoirí Cois Life).

Sleachta ó na suímh ghréasáin atá ag Fiontar agus Ollscoil na hÉireann Gaillimh.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



# Bradaíl Liteartha

## Réamhobair

Beidh tú ag léamh sleachta ar ball faoin mbradaíl liteartha. Ar dtús déan an réamhobair seo le duine eile:

### Plé

- An bhfuil a fhios agat céard is bradaíl liteartha ann? Conas a chuirfeá síos uirthi?
- An bhfuil a fhios agat cén polasaí atá ag Roinn na Gaeilge/ag an gColáiste faoin mbradaíl liteartha? Faigh amach ar an idirlíon más gá.
- An bhfuil aon rud mícheart le bradaíl liteartha i ndáiríre?
- An mbaineann tú úsáid as áiseanna mar *Vicipéid* chun aistí a ullmhú? An mbíonn sé deacair bradaíl a sheachaint?
- Conas a thugann tú féin faoi thaighde a dhéanamh d'aiste nó d'obair eile a bhíonn le déanamh mar chuid de do chúrsa? Cén úsáid a bhaineann tú as acmhainní na leabharlainne?

### Stór Focal

Seo thíos focail atá le feiceáil sna téacsanna a bheidh á léamh agat ar ball. Déan iarracht na focail Ghaeilge sa cholún ar chlé a cheangal leis an leagan ceart Béarla ar dheis.

- |                              |                          |
|------------------------------|--------------------------|
| 1. seanchas                  | a. loosely based on      |
| 2. cóipcheart                | b. recognition           |
| 3. sárú cóipchirt            | c. licence               |
| 4. atáirgeadh                | d. bad academic practice |
| 5. nuair a bhagair siad      | e. quotation             |
| 6. caingean dlí              | f. legal action          |
| 7. bunaithe go scaoilte ar   | g. source                |
| 8. aitheantas                | h. summary               |
| 9. calaois                   | i. reproduction          |
| 10. ceadúnas                 | j. copyright             |
| 11. nósanna imeachta         | k. paraphrase            |
| 12. droch-chleachtas acadúil | l. breach of copyright   |
| 13. foinse                   | m. folklore              |
| 14. athfhriotal              | n. fraud                 |
| 15. athinsint                | o. when they threatened  |
| 16. achoimre                 | p. Discipline Code       |
| 17. Cód Araíonachta          | q. procedures            |

1	2	3	4	5	6	7	8	9

10	11	12	13	14	15	16	17

## Léamh

Anois léigh na téacsanna agus pléigh na ceisteanna seo:

- Conas a chuirfeá síos ar na stíleanna atá sa dá théacs?
- An bhfuil aon chur amach agat ar an gCód Araíonachta, ar na Rialacháin Scrúduithe agus ar Rialacháin eile an Choláiste seo?

### Téacs 1

As an leabhar *Ar an Taifead, fis, fuaim, focal* le Breandán Delap

Meastar gur in Éirinn a tharla an chéad chás de bhradaíl liteartha. De réir an tseanchais, tharla achrann eaglasta de bharr cóip a rinne Naomh Colm Cille de shailm a bhí i seilbh Naomh Finín i mBun an Phobail, Co Dhún na nGall. Rialaigh Diarmaid, Ard-Rí na hÉireann, gur cheart do Cholm Cille an chóip a thabhairt ar ais d’Fhinín: ‘Do gach bó a lao, agus do gach leabhar a cóip.’ Deirtear gur de bharr na breithe seo a chuaigh Naomh Colm Cille ar deoraíocht go hOileán Í na hAlban.

Is in olcas a chuaigh rudaí ó shin. Tá a leagan féin de ‘Lá Breithe Sona Duit’, mar shampla, cumtha ag bialanna ar nós TGI Friday ar eagla go mbeidís ag sárú cóipchirt. (Maítear go bhfuil cead an t-amhrán a cheol sa bhaile ach go mbeadh ceadúnas de dhíth ó áit phoiblí ar nós bialainne!) Óir tá cosaint dhlíthiúil ag amhráin, leabhair, scannáin, agus drámaí sa lá atá inniu ann, a chinntíonn nach bhfuil cead iad a thaispeáint, a sheinm nó a atáirgeadh ar dhóigh ar bith gan cead a bheith faighte roimh ré. I bhFeabhra na bliana 2007, fuair scoláirí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh blas ar a dhéine is a bhítear ag faire ar chúrsaí cóipchirt anois, nuair a bhagair Disney caingean dlí orthu dá leanfaidís lena bplean dráma a bhí bunaithe go scaoilte ar *Sister Act* a chur ar an stáitse. Sampla ab ea é seo den tábhacht a mheasann corparáidí móra a bheith lena gcearta maoinne intleachtúla. Deir lucht a cháinte, áfach, gur go flúirseach a tharraing leithéidí Disney as tobair saothair a bhí saor ó chóipcheart ar nós *Snow White and the Seven Dwarfs*, agus *Pinocchio* agus gur cheart dóibh a bheith ní ba dhiscreidí lena gcuid bagairtí.

### Téacs 2

As suímh ghréasáin Fiontar agus Ollscoil na hÉireann Gaillimh

Is ionann bradaíl agus saothar duine eile a chóipeáil, a áireamh nó a lua go díreach gan aitheantas ceart a thabhairt dó. Má chuirtear ábhar ina bhfuil bradaíl isteach le measúnú, nó má fhoilsítear é nó má chuirtear i láthair go poiblí é, is calaois í sin agus fiosrófar aon chás a mbeidh amhras fúithi, agus déileálfaidh an Ollscoil léi go cuí, ag cloí leis na nósanna imeachta leagtha síos anseo agus ag tagairt don Chód

Araíonachta... Cé go dtarlaíonn bradaíl uaireanta trí dhroch-chleachtas acadúil, agus nach mbíonn sé beartaithe calaois a dhéanamh, fós féin sáraíonn sé seo an cleachtas inghlactha agus caithfear an scéal a fhiosrú go cuí agus gníomhú air sin.

Chun nach mbeadh aon amhras ann go bhfuil Bradaíl Liteartha i do shaothar ba chóir duit:

- foinsí aon athfhriotail, athinsinte, achoimrí eolais, táblaí, léaráidí nó aon ábhair eile a úsáideann tú, a lua;
- d'fhocail féin agus do leagan féin d'abairtí a úsáid, nuair atá tú ag athinsint saothair daoine eile;
- leabharliosta iomlán a thabhairt de na saothair agus na foinsí a d'úsáid tú agus tú ag ullmhú do thionscadail, d'aiste nó aon cheapadóireacht eile.

Moltar do mhic léinn féachaint ar Chód Araíonachta, ar Rialacháin Scrúduithe agus ar Rialacháin uile eile na hOllscoile a eisítear ó am go ham.

## Feasacht Teanga

### 1. Oileán Í na hAlban

Cuir an struchtúr thuas i bhfeidhm ar na focail thíos:

Páras + an Fhrainc  
Milano + an Iodáil  
Londain + Sasana  
Stáit Aontaithe + Meiriceá

### 2. 'áit phoiblí', 'cosaint dhlíthiúil'

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar na haidiachtaí thuas? Pléigh agus déan na cinn seo:

aiste + fada	siopa + daor
tionscadal + deacair	áit + deas
sráid + salach	óstán + daor
abairt + casta	peann + gorm
leathanach + bán	bean + breá

Cad a tharlódh dá gcuirfeá na samplaí thuas san uimhir iolra?

### 3. 'an chóip', 'an t-amhrán'

Cén t-athrú a cuireadh i bhfeidhm ar na hainmfhocail thuas? Pléigh agus ansin cuir an t-alt roimh gach ainmfhocal i gcleachtadh 2 thuas.

### Plé

- Cén dearcadh atá agat faoin gcaingean dlí a bhagair Disney ar mhic léinn na Gaillimhe?
- ‘Óir tá cosaint dhlíthiúil ag amhráin, leabhair, scannáin, agus drámaí sa lá atá inniu ann, a chinntíonn nach bhfuil cead iad a thaispeáint, a sheinm nó a atáirgeadh ar dhóigh ar bith gan cead a bheith faighte roimh ré.’ Cad a cheapann tú faoin gcosaint atá ar fáil do cheoltóirí agus do dhéantóirí scannán? (smaoinigh ar leitheidí *i-tunes* agus píoráideacht scannán, mar shampla).
- Cén cur amach atá agat ar rialacháin an Choláiste maidir le píoráideacht bogearraí?

### Tasc

Duine A – Léachtóir: thug tú bradaíl liteartha faoi deara in aiste an mhic léinn.

Duine B – Mac léinn: bhí tú faoi bhrú mór le déanaí agus is d’aon ghnó a rinne tú an bhradaíl.

Tá cruinniú socraithe chun an cás a phlé.

#### *Céim 1: Rólghníomhaíocht*

- Ullmhaíghí pointí a bheidh úsáideach daoibh don phlé.
- Ansin tógadh duine agaibh ról an léachtóra agus an duine eile ról an mhic léinn. Ná déanaighí dearmad ar réim oiriúnach anseo!

#### *Céim 2: Scribhneoireacht*

Tógadh beirt agaibh ról an mhic léinn anseo agus scríobhaighí litir go dtí an Ceann Roinne ag míniú bhur gcás agus ag gabháil leithscéil faoin méid a tharla.

Stór focal úsáideach:

leithscéal a ghabháil  
aithreachas  
geallaim...  
mo chás a mhíniú  
tromchúiseach  
faoi bhrú